Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025
(OR. en)

16541/25
ADD 1
LIMITE
PV CONS 66
SOC 834
EMPL 548
SAN 817
CONSOM 286

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

1 agus 2 Nollaig 2025

## CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 1 NOLLAIG 2025

FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA

**Aon ghnó eile**

**9. (g) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta**
*Faisnéis ón gCipir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Chipir ar fáil.

PUBLIC

## CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 2 NOLLAIG 2025

SLÁINTE

**Aon ghnó eile**

**11. (a) An chaibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí** 14653/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún.

**(k) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta**
*Faisnéis ón gCipir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Chipir ar fáil.

---

**Ráiteas a ghabhann leis an mír neamhreachtach 'A' a leagtar amach in 15840/25**

PUBLIC

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne na cibearchoireachta**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Is díol sásaimh don Choimisiún é gur glacadh an Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil.

Ní dhéanann an Coimisiún agóid in aghaidh leasuithe na Comhairle ar an togra ón gCoimisiún [COM(2025)433]. Athdhearbhaíonn an Coimisiún áfach, go dtagann ábhair áirithe a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún, amhail cionta coiriúla a shainiú, faoi réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha an Aontais, amhail Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoracha 2008/99/CE agus 2009/123/CE. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go dtagann na hábhair sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais de bhun an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2)den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, mar a léirmhínigh an Chúirt Bhreithiúnais é.'